*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Zenergo d.o.o. (Zgornja Polskava, an tSlóivéin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Tante Mitzi Caffè CAFFÈ – STRUDEL – BARETTO – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 11 425 394

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Meitheamh 2022 i gCás R 1413/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— seasamh leis an iarratas sa chás seo, leasú a dhéanamh ar an gCinneadh a chonspóidtear chun seasamh lena achomharc chuig an mBórd Achomhairc agus cinneadh an Rannáin Cúlghairme a athchóiriú chun cúlghairm an trádmhairc a chonspóidtear a chur ar ceal;

— mar mhalairt air sin, an Cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhní agus an cás a tharchur chuig EUIPO le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith.

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí**

— Sárú ar Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 24 Lúnasa 2022 — Vitromed v EUIPO — Vitromed Healthcare (VITROMED Germany)**

**(Cás T-514/22)**

(2022/C 380/32)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vitromed GmbH (Jena, an Ghearmáin) (ionadaí: M. Linß, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Vitromed Healthcare (Jaipur, an India)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* an t-iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh VITROMED Germany — Iarratas Uimh. 18 209 244

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 2 Meitheamh 2022 i gCás R 1670/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an freasúra ina iomláine a dhíbhe;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheist dlí**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.